**Mícheál**

A Chathaoirligh, a Theachtaí Dála agus a Sheanadóirí. Mícheál Ó Súilleabháin atá orm agus is de bhunadh Ráth Chairn atá ag múineadh I gColáiste Beaufort san Uaimh. Is scoil Deis í an scoil atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla, mar sin T2 nó Teanga 2 í an Ghaeilge. Tá seacht dteanga is fiche á labhairt go laethúil i scoil s'againne. Táim ag obair anseo le trí bliana anuas.

Mar a dúirt Órla ar ball, deirtear sa tsonraíocht deirtear gurb é an snáithe cumarsáide príomhshnáithe na sonraíochta agus go gcuirfidh na daltaí feabhas ar a gcuid scileanna cumarsáide trí bheith ag úsáid teanga a bhaineann lena shaol féin agus leis an saol I gcoitinne. Gheobhaidh said taithí ar a bheith ag cur faisnéise I láthair ar a shon féin nó ar son grúpa trí mheán na Gaeilge.

Beidh sé thar a bheith deacair ar dhaltaí seasamh os comhair a gcuid piaraí nó a gcuid comhscoláirí I dteanga nach bhfuil said compordach inti. Tá Béarla líofa ag formhór na tíre ach ní hamhlaidh an cás leis an nGaeilge. Beidh náire, imní, agus gnóthachtáil íseal….agus céard is fiú é, abairt ar pháipéar

- Thar barr ar fad
- Os cionn na n-ionachas
- Ag teacht leis na hionchais
- Ionchais le baint amach fós
-

Bhí an bhéaltriail roghnach ar siúl againn I gColáiste Beaufort le blianta beaga anuas. Tháinig feabhas ar thorthaí na ndaltaí agus suim agus grá don teanga dá réir. Is iomaí duine a labhair go maith í agus nach raibh chomh cumasach sin ar pháipéar.Chuir sé ar a suaimhneas iad don Ardteist. Anois beidh deacrachtaí againn. Beidh ar dhaltaí plé agus cur agus cúiteamh a dhéanamh ar ghearrscéalta, filíocht agus drámaíocht mar shampla, a bhí ag streachailt roimhe seo le hainm, aois, seoladh, caitheamh aimsire a chur in iúl. An raibh foghlaim de ghlanmheabhair í gceist? …. Bhí ach d'fhoghlaim mise mo chuid abairtí de ghlanmheabhaie san Fhraincís agus sa Ghearmáinis ar scoil, rud a thugann an deis dom fós sa lá atá inniu ann comhrá bunúsach a bheith agam le muintir na dtíortha sin.Anois beidh daltaí ag imeacht ón teanga, ag cuartú díolúine sa nGaeilge gan an scrúdú cainte a bheith ann.

An mbeidh foghlaim de ghlanmheabhair san HRB? Beidh.

Is botún ollmhór dar linn an scrúdú cainte a fhágáil ar lár, agus impímid oraibh smaoineamh go cúramach ar an méid atá ráite againn triúr anseo inniu. (2:00)

Dá mbeifeá ag tógáil tí is ceann nua agus fadhb leis an doras. Ní thógann tú amach an doras uilig ach socraíonn tú doras níos fearr + oiriúnaí ann.